AN FORAS EORPACH CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA
AGUS OIBRE A FHEABHSÚ (EUROFOUND)

FÓGRA MAIDIR LE NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN OSCAILTE:

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist | **Oifigeach Tacaíochta Taighde** |
| Tagairt | EF-CA-24-03 |
| Cineál conartha | Gníomhaire ar Conradh ([1]) |
| Feidhmghrúpa/grád | CA FG-IV |
| Fad an chonartha | Féadfar conradh 3 bliana, a bheidh in-athnuaite, a thairiscint nó conarthaí ar théarma seasta níos giorra a thairiscint le haghaidh tionscadal sonrach |
| Áit fostaíochta | Baile Átha Cliath, Éire |
| Spriocdháta le haghaidh iarratas: | **24.04.2024** |

## I. FAISNÉIS FAOIN nGNÍOMHAIREACHT

Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é Eurofound atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Éire. Cuireann Eurofound eolas ar fáil do phríomhghníomhaithe i réimse bheartas sóisialta AE agus do shaoránaigh na hEorpa chun cabhrú le beartais shóisialta, fostaíochta agus oibre a fhorbairt. Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar ghníomhaíochtaí Eurofound, féach an suíomh gréasáin: www.eurofound.europa.eu.

Cuireann Eurofound beartas comhdheiseanna agus neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 1(d) de na Rialacháin Foirne agus glacann sé le hiarratas gan idirdhealú ar fhorais amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

## II. PRÓIFÍL AN IARRTHÓRA – AN É SEO AN POST DUITSE?

An bhfuil tú ag ullmhú do ghairm bheatha i dtaighde sóisialta cáilíochtúil ***nó*** cainníochtúil agus an é do phaisean taighde comparáideach a dhéanamh? Más dearfach é d'fhreagra, d'fhéadfadh sé seo a bheith ar an bpost foirfe duitse. Féach ar na ceisteanna thíos agus má fhreagraíonn tú go dearfach ar chuid acu nó orthu go léir, ba cheart duit iarratas a dhéanamh.

- An mbaineann tú taitneamh as sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu agus as torthaí a bhaint amach ar féidir leo tacú le cinntí beartais?
- Ar mhaith leat rannchuidiú le fianaise a chur ar fáil agus cuidiú le teacht ar réitigh bheartais ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú triarach (an t-athrú aeráide, an

([1]) féach Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ag http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF

t-athrú digiteach agus an t-athrú déimeagrafach) i ndáil le dálaí maireachtála agus oibre?

- An bhfuil tú faoi dhraíocht ag an idirghníomhú idir an costas maireachtála atá ag dul i méid, an tírdhreach geopholaitiúil a bhíonn ag síorathrú agus an tionchar ollmhór atá acu ar dhálaí maireachtála ar fud na hEorpa? An bhfuil sé amhlaidh gur oibrigh tú riamh le sonraí agus faisnéis a bhaineann le saol na hoibre?
- An bhfuil tuiscint mhaith agat ar ról na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le beartais a mhúnlú agus ar conas a fheidhmíonn a n-eagraíochtaí?
- An mbaineann tú taitneamh as dul i ngleic le saincheisteanna casta agus iad a bhriseadh síos ina gcéimeanna taighde soláimhsithe mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach?
- An bhfuil tú cumasach ag obair le tacair mhóra shonraí nó le faisnéis cháilíochtúil agus an mbaineann tú taitneamh as triail a bhaint as uirlisí agus bogearraí taighde nua?

## III. COMHTHÉACS AGUS DUALGAIS AN PHOIST

Féachann Eurofound le liosta ionadaithe de Ghníomhairí ar Conradh a bhunú chun tacú le ceann amháin nó níos mó dá Aonaid Taighde trí bheith ag obair ar réimse de na dualgais ábhartha atá liostaithe thíos. D'fhéadfaí na dualgais a bhaineann le gach post a bheith éagsúil de réir na dtionscadal agus na mbunachar sonraí ábhartha.
Féadfar foireann taighde ag Eurofound a ainmniú go dtí ceann amháin de 3 aonad taighde: Fostaíocht; Saol Oibre; agus Beartais Shóisialta. Rannchuideoidh an ***tOifigeach Tacaíochta Taighde*** le staidéir agus suirbhéanna uile-Eorpacha a fhoirmliú, a chomhordú agus a bhainistiú, agus béim ar leith á leagan ar fhorbairt agus cothabháil leanúnach bhunachair shonraí Eurofound ar líne, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, agus ar thacair shonraí a ullmhú agus anailísí tánaisteacha a dhéanamh orthu.

Bunaithe i gceann de na haonaid taighde agus an sealbhóir poist freagrach do bhainisteoir líne, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith mar chuid den ról:

- cúnamh a thabhairt i gcéim dheartha na dtionscadal taighde agus i sonraíochtaí tairisceana a dhréachtú agus páirt a ghlacadh i meastóireachtaí ar thairiscintí;
- tacú le bailiú, rialú cáilíochta agus comhtháthú leanúnach sonraí cainníochtúla nó cáilíochtúla agus faisnéise a eascraíonn as foinsí staidrimh nó as foinsí eile ar fud na hEorpa;
- tacú le hacmhainní ar líne Eurofound a chothabháil agus a fhorbairt (amhail Faire Beartais AE, bunachair sonraí Eorpacha um Fhaireachán ar Athstruchtúrú, nó próifílí tíortha an tsaoil Oibre, Mol Converge AE) lena n-áirítear rannchuidiú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcáilíocht inneachair, a sreafaí oibre agus a soláimhsitheacht don úsáideoir;
- tacú le hathbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar tháirgí insoláthartha de chuid conraitheoirí nó de chuid rannchuiditheoirí eile le haschuir thaighde, lena n-áirítear le haghaidh staidéar Eurofound ar ionadaíochas na gcomhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an AE;

- Sonraí agus faisnéis a bhailiú ó fhoinsí éagsúla chun tacú le taighde Eurofound ar chaidreamh tionsclaíoch, ar dhálaí oibre, ar fhostaíocht agus ar dhálaí maireachtála, agus anailís a dhéanamh ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a bhailítear.
- rannchuidiú le haschuir thaighde a dhréachtú, agus tacú le torthaí taighde ó na hacmhainní ar líne a scaipeadh trí anailísí beaga a dhéanamh agus trí phíosaí blaganna nó ailt ghearra a dhréachtú, ar aon dul leis an straitéis cumarsáide corparáidí;
- dul i dteagmháil le gníomhaithe seachtracha, amhail soláthraithe seirbhíse staidrimh nó conraitheoirí, agus go háirithe i gcomhar le líonra chomhfhreagraithe Eurofound;
- dlúth-idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe i dtaighde agus in Aonaid eile agus comhoibriú go dlúth leo;
- I gcás iarrthóirí a bhfuil próifíl níos cainníochtúla acu, sonraí ó shuirbhéanna a ullmhú lena n-anailísiú agus teicnící staidrimh a chur i bhfeidhm chun imscrúdú a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí idir athróga agus chun léirmhíniú fóinteach a bhaint a chuirfear le raon tionscadal mar chuid de chlár oibre Eurofound;
- dualgais eile a chur i gcrích de réir mar a éilíonn Ceann an Aonaid/an bainisteoir líne iad.

## IV. NA CÁILÍOCHTAÍ AGUS AN TAITHÍ ATÁ AG TEASTÁIL

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas faoin dáta deiridh le haghaidh iarratas:

### 1. Critéir incháilitheachta

- Ní mór dó/di a bheith ina shaoránach/ina saoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach agus a bheith i dteideal cearta iomlána mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Ní mór dó/di eolas críochnúil a bheith aige/aici ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil (leibhéal B2) a bheith aige/aici ar theanga eile de chuid an Aontais. Ós rud é gurb é Béarla teanga oibre Eurofound, beidh inniúlacht i mBéarla ag teastáil go dtí an leibhéal atá riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh (leibhéal C1);[2]
- (i) leibhéal oideachais is comhionann le staidéir ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad atá fianaithe le dioplóma, i staidreamh agus anailís sonraí, sa tsocheolaíocht, san eacnamaíocht, san eolaíocht pholaitiúil, sa staidéar gnó, sa tsíceolaíocht, sa dlí saothair, sa chaidreamh tionsclaíoch nó i réimsí gaolmhara nó
- (ii) i gcás ina mbeidh údar maith leis ar mhaithe le leas na seirbhíse, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach.

(2) Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil inniúlacht i dtríú teanga ag teastáil faoi na Rialacháin agus Coinníollacha Fostaíochta Foirne sula mbeidh ardú céime ann go grád níos airde.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann a chruthú go gcomhlíonann siad na coinníollacha iontrála, trí dhoiciméid chuí a chur ar fáil (cóipeanna de dhioplómaí, deimhnithe oideachais agus oibre, etc.).

## 2. Critéir roghnúcháin

Chun go gcuirfear ar an ngearrliosta iad agus chun go dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar an agallamh, beidh ar na hiarrthóirí taithí a léiriú ar na critéir seo a leanas:

- Taithí chruthaithe ar thascanna comhchosúla de réir mar a éilítear leis an ról, go háirithe le taighde feidhmeach agus/nó taithí bheartais a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: an margadh saothair, dálaí oibre, caidreamh tionsclaíoch agus idirphlé sóisialta, dálaí maireachtála agus caighdeán na beatha, saincheisteanna dlí a bhaineann le caidreamh fostaíochta agus beartas sóisialta;
- Saineolas cruthaithe ar: modhanna taighde cainníochtúla nó cáilíochtúla; sonraí cainníochtúla nó cáilíochtúla agus faisnéis a bhainistiú, e.g. bunachair sonraí a eagrú agus anailís a dhéanamh orthu, agus eolas ar cheann amháin nó níos mó de na pacáistí bogearraí a úsáidtear go coitianta, amhail NVivo, ATLAS.ti, PowerBI, R, STATA, SPSS, Python, etc.;
- Fianaise maidir le scileanna maithe scríbhneoireachta agus scileanna maithe cumarsáide ó bhéal i mBéarla, ag cur formáidí éagsúla i bhfeidhm agus ag díriú ar spriocghrúpaí éagsúla.

Anuas ar an méid thuas, is ar bhonn na gcritéar seo a leanas a dhéanfar measúnú ar iarrthóirí a dtugtar cuireadh dóibh triail agus agallamh a dhéanamh:

- Eolas ar bheartais agus ar ghníomhaithe beartais AE maidir le hobair Eurofound;
- Eolas agus tuiscint ar fhoinsí staidrimh náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ábhartha d'obair Eurofound;
- Taithí ar bhunachair shonraí agus ábhar an ghréasáin a nuashonrú/a chothabháil;
- An cumas a n-ualach oibre féin a bhainistiú agus an cumas dul in oiriúint de réir mar is gá do na héilimh a bhaineann le roinnt tionscadal a láimhseáil ag an aon am amháin, mar aon le sárscileanna bainistíochta ama agus eagrúcháin;
- Aird ar mhionsonrú agus dúthracht maidir le bheith ag obair le sonraí agus le faisnéis;
- Leas gníomhach san fhoghlaim agus i scileanna féin a fhorbairt;
- Dúspéis in uirlisí, modhanna agus topaicí atá ann cheana a fhorbairt, mar aon le fiosracht faoi iniúchadh;
- Dea-scileanna cumarsáide, comhair agus oibre foirne;
- An cumas obair a dhéanamh agus a chur i gcrích laistigh de spriocdhátaí dochta;
- An cumas chun dul in oiriúint agus chun déileáil le hobair a dhéanamh i bhfoirne difriúla;
- Taithí ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht idirnáisiúnta nó ilchultúrtha agus le foirne ildisciplíneacha.

## V. FAISNÉIS THÁBHACHTACH D'IARRTHÓIRÍ

Féadfar iarrthóirí a n-éireoidh leo a earcú mar Ghníomhaire ar Conradh FGIV, ar chonradh ar théarma seasta 3-bliana (in-athnuaite) nó ar chonarthaí ar théarma seasta níos giorra, más gá, le haghaidh tionscadal sonrach.

Is é Baile Átha Cliath an áit fostaíochta agus beidh dualgas ar an té a cheapfar cónaí laistigh d'fhad réasúnta ó oifig Eurofound, i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne (Airteagal 20).

Cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta agus is dóibh sin a mheastar a bheith ar na hiarrthóirí is oiriúnaí (30 iarrthóir ar a mhéad) (a ghnóthaigh marc íosta 70% sa phróiseas gearrliostaithe) a thabharfar cuireadh chun freastal ar agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin.

Is leagtha amach ar shuíomh gréasáin Eurofound atá tuilleadh sonraí faoi na próisis scagtha, agallaimh agus tástála, mar aon leis na coinníollacha fostaíochta agus leis an mbeartas um chosaint sonraí. Moltar go láidir d'iarrthóirí an fhaisnéis sin a léamh go cruinn.

Ní mór iarratais a chur isteach tríd an gcóras earcaíochta ar líne trí leathanach folúntas Eurofound agus ba cheart iad a chomhlánú i mBéarla, arb é teanga oibre laethúil Eurofound é.

Ionas go mbreithneofar iad, ní mór iarratais a bheith faighte roimh 23:55 (GMT) ar an 24.04.2024.